TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 14 Márta 2024[1]

Cás C-541/22 P

Araceli García Fernández,
Faustino González Parra,
Fernando Luis Treviño de Las Cuevas,
Juan Antonio Galán Alcázar,
Lucía Palazuelo Vallejo-Nágera,
Macon, SA,
Márta Espejel García,
Memphis Investments Ltd,
Pedro Alcántara de la Herrán Matorras,
Pedro José de Jesús Benito Trebbau López,
Pedro Regalado Cuadrado Martínez,
María Rosario Mari Juan Domingo
v
Eleveté Invest Group, SL,
Antonio Bail Cajal,
Carlos Sobrini Marín,
Edificios 1326 de l'Hospitalet, SL,
Juan José Homs Tapias,
Anna María Torras Giro,
Marbore 2000, SL,
Trístan González del Valle,
an Coimisiún Eorpach,
Bord Réitigh Aonair (BRA)
Ríocht na Spáinne,

Banco Santander, SA

(Achomharc – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas Baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair – Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Airteagal 18 – Coinníollacha maidir le réiteach – Airteagal 20 – Luacháil chun críocha réitigh – Airteagal 296 CFAE – Dualgas chun cúiseanna a lua – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais

[1] Bunteanga: an Béarla.

Eorpaigh – Caingean le haghaidh neamhniú agus caingean le haghaidh damáistí – Réiteach Banco Popular)

I. Réamhrá

1. Bunaíodh an Sásra Réitigh Aonair (SRA) in 2014.[2] An 6 Meitheamh 2017, úsáideadh é den chéad uair, i ndáil le Banco Popular Español, SA ('Banco Popular').

2. Is daoine nádúrtha agus dlítheanacha iad na hachomharcóirí agus ba scairshealbhóirí iad in Banco Popular, nó bhí ionstraimí caipitil Breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 a d'eisigh Banco Popular ina seilbh acu sular glacadh an scéim réitigh[3] i ndáil le Banco Popular.

3. Ina gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, rinne na hiarratasóirí (na hachomharcóirí sa chás seo) agóid i gcoinne na scéime réitigh, fhormheas an Choimisiúin agus na ndoiciméad gaolmhar, agus d'iarr siad damáistí agus cúiteamh. Roghnaíodh an chaingean sin, in éineacht le cúig cinn eile, mar chás píolótach os comhair na Cúirte Ginearálta,[4] agus díbheadh í ar na tuillteanais i mbreithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Eleveté Invest Group agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus BRA* (T-523/17, EU:T:2022:313) ('an breithiúnas atá faoi achomharc').

4. Ina theannta sin, tá achomharc eile ar feitheamh i gcomhthéacs an réitigh i ndáil le Banco Popular, Cás C-535/22 P *Aeris Invest* v *an Coimisiún agus BRA*,[5] agus tá trasnáil shuntasach sna hargóintí a rinneadh ('an t-achomharc comhthreomhar'). Tá mo Thuairim san achomharc sin á tabhairt ar an lá céanna ('an Tuairim chomhthreomhar'), agus ba cheart an dá Thuairim chomhthreomhara seo a léamh le chéile.

5. Chun críocha an achomhairc seo, níl sé de chúram ar an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim réitigh ná ar fhormheas an Choimisiúin uirthi (agus aon doiciméid eile a ndéantar agóid ina leith ag an gcéad chéim), ach ar an mbealach inar fheidhmigh an Chúirt Ghinearálta a cumhachtaí athbhreithnithe.[6] I gcomhthéacs an dá achomharc atá ann faoi láthair, ciallaíonn sé sin go ndíreofar athbhreithniú na Cúirte Breithiúnais ar an gcéad dul síos, ar léirigh

[2] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1) ('Rialachán SRA').

[3] Cinneadh SRB/EES/2017/08 ón mBord Réitigh Aonair an 7 Meitheamh 2017 ina Sheisiún Feidhmiúcháin maidir le scéim réitigh a ghlacadh i ndáil le Banco Popular Español, S.A. ('an scéim réitigh'). Rinneadh an scéim réitigh a fhormheas le Cinneadh (AE) 2017/1246 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena bhformhuinítear an scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español S.A. (IO 2017 L 178, lch. 15) ('formheas an Choimisiúin').

[4] Is iad seo a leanas na cásanna píolótacha atá fágtha: (1) Breithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus BRA* (T-510/17, EU:T:2022:312). Tíolacadh an t-achomharc i gCás C-539/22 P, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus BRA* ach tarraingíodh siar é an 22 Iúil 2023. (2) Breithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Aeris Invest* v *an Coimisiún agus BRA* (T-628/17, EU:T:2022:315). Tá an t-achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin ar feitheamh i gCás C-535/22 P, *Aeris Invest* v *an Coimisiún agus BRA*. (3) Breithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Algebris (UK) agus Anchorage Capital Group* v *an Coimisiún* (T-570/17, EU:T:2022:314). Ní dhearnadh achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin. (4) Breithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Fundación Tatiana Pérez de Guzmán el Bueno agus SFL* v *BRA* (T-481/17, EU:T:2022:311). Tá dhá achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin ar feitheamh faoi láthair. Ar an gcéad dul síos, i gCás C-551/22 P, *an Coimisiún* v *BRA*. Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta in *an Coimisiún* v *BRA* (C-551/22 P, EU:C:2023:846). Ar an dara dul síos, i gCás C-448/22 P, *SFL* v *BRA*. (5) Ordú an 24 Deireadh Fómhair 2019, *Liaño Reig* v *BRA* (T-557/17, EU:T:2019:771). Deimhníodh an t-ordú sin ar achomharc ón gCúirt Bhreithiúnais, a chinn nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid lena cinneadh nach féidir an fhoráil a chonspóidtear a scaradh ó scéim réitigh BRA, i mbreithiúnas an 4 Márta 2021, *Liaño Reig* v *BRA* (C-947/19 P, EU:C:2021:172).

[5] I gcoinne bhreithiúnas an 1 Meitheamh 2022, *Aeris Invest* v *an Coimisiún agus BRA* (T-628/17, EU:T:2022:315) ('an breithiúnas comhthreomhar atá faoi achomharc').

[6] Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, 'is é is cuspóir d'athbhreithniú na Cúirte Breithiúnais, go príomha, scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh, ar bhealach ceart ó thaobh an dlí de, na hargóintí go léir a raibh an t-achomharcóir ag brath orthu ag an gcéad chéim'. Breithiúnas an 11 Samhain 2021, *Autostrada Wielkopolska* v *an Coimisiún agus an Pholainn* (C-933/19 P, EU:C:2021:905, mír 50).

an Chúirt Ghinearálta forálacha ábhartha Rialachán SRA i gceart, agus ar an dara dul síos, an ndearna sí athbhreithniú leordhóthanach ar an scéim réitigh mar a d'ullmhaigh an Bord Réitigh Aonair (BRA) í agus a d'fhormheas an Coimisiún.

6. Rinne an Chúirt Bhreithiúnais an caighdeán athbhreithnithe ábhartha a chomhdhlúthú le déanaí in *Crédit lyonnais*.[7] Sa chás sin, chinn an Chúirt ní mór nach gcuireann Cúirteanna an Aontais a gcinneadh féin in áit cinneadh d'údarás an Aontais. Ina ionad sin, ní mór dóibh a chinneadh an bhfuil an cinneadh bunaithe ar fhíorais atá ceart go hábhartha agus nach bhfuil sé curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach mheasúnaithe nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.[8]

7. Comhthacaíonn ceanglais Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') leis an gcaighdeán sin. Chun go mbeidh athbhreithniú breithiúnach éifeachtach agus chun cearta cosanta a chosaint, 'ní mór don duine lena mbaineann a bheith in ann na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh arna ghlacadh i ndáil leis nó léi bunaithe a fháil amach, tríd an gcinneadh féin a léamh nó trí fhógra faoi na cúiseanna sin a iarraidh agus a fháil, gan dochar do chumhacht na cúirte a bhfuil dlínse aici a cheangal ar an údarás lena mbaineann an fhaisnéis sin a sholáthar, ionas gur féidir leis nó léi a chearta nó a cearta a chosaint sna dálaí is fearr is féidir agus cinneadh a dhéanamh, agus láneolas aici ar na fíorais ábhartha, an bhfuil aon phointe i bhfeidhm maidir leis an gcúirt a bhfuil dlínse aige nó aici'.[9]

8. Agus na barúlacha thuas á gcur san áireamh, molfaidh mé don Chúirt seasamh leis an dá bhreithiúnas atá faoi achomharc.

II. Imeachtaí as a dtagann na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

9. Féadfar achoimre a dhéanamh ar na fíorais atá ábhartha don achomharc seo, a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i míreanna 25 go 83 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mar seo a leanas.

10. Thosaigh staid airgeadais Banco Popular ag dul in olcas in 2016. An 5 Nollaig 2016, ghlac an Seisiún Feidhmiúcháin den BRA plean réitigh do ghrúpa Banco Popular. Ba í an uirlis réitigh tosaíochta i bplean réitigh 2016 an uirlis fortharrthála dá bhforáiltear le hAirteagal 27 de Rialachán SRA. Mar sin féin, níor úsáideadh an plean sin sa réiteach a tharla sa deireadh.

11. I mí Aibreáin 2017, chuir Banco Popular tús le próiseas díola phríobháidigh d'fhonn é a dhíol le hiomaitheoir láidir, rud a d'athbhunódh a staid airgeadais. Socraíodh an spriocdháta do cheannaitheoirí féideartha ar spéis leo Banco Popular a fháil chun a dtairiscintí a chur isteach ar an 10 Meitheamh 2017 ar dtús agus cuireadh moill air ansin go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2017. I litir dar dáta an 16 Bealtaine 2017, chuir Banco Santander SA ('Banco Santander') in iúl do Banco Popular nach bhféadfadh sé tairiscint nithiúil a dhéanamh i gcomhthéacs an phróisis díola phríobháidigh.

12. An 23 Bealtaine 2017, bhronn Cathaoirleach BRA, Elke König, agallamh ar an gcainéal teilifíse Bloomberg, inar ceistíodh í, *inter alia*, faoi staid Banco Popular.

[7] Breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais* (C-389/21 P, EU:C:2023:368). Ghlac an Chúirt Ghinearálta leis an gcur chuige sin freisin sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 110 go 115, agus sa bhreithiúnas comhthreomhar atá faoi achomharc, míreanna 115 go 119.

[8] Breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais* (C-389/21 P, EU:C:2023:368, mír 55).

[9] Féach breithiúnas an 24 Samhain 2020, *Minister van Buitenlandse Zaken* (C-225/19 agus C-226/19, EU:C:2020:951, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

13. I rith mhí na Bealtaine 2017, thuairiscigh roinnt eagraíochtaí nuachta faoi na deacrachtaí a bhí ag Banco Popular, lena n-áirítear Reuters. Luaigh an t-alt a d'fhoilsigh Reuters *inter alia*, de réir oifigeach anaithnid de chuid an Aontais, go raibh duine de na forais faire banc is fearr san Eoraip tar éis rabhadh a thabhairt d'oifigigh AE go bhféadfadh sé gur ghá Banco Popular a fhoirceannadh má theip air ceannaitheoir a aimsiú. De réir an ailt, luaigh an t-oifigeach sin freisin gur eisigh Cathaoirleach BRA 'luathrabhadh' le déanaí agus gur dhearbhaigh sé go raibh BRA ag leanúint go dlúth an nós imeachta (Banco Popular) d'fhonn idiragairt fhéideartha a dhéanamh. An lá céanna, d'fhoilsigh BRA preaseisiúint lena ndéantar ábhar an ailt sin a dhíospóid.

14. Sna chéad laethanta de mhí an Mheithimh 2017, bhí Banco Popular ag tabhairt aghaidh ar eis-sreafaí leachtachta ollmhóra.

15. An 3 Meitheamh 2017, ghlac Seisiún Feidhmiúcháin BRA Cinneadh SRB/EES/2017/06, a díríodh chuig Fondo de Reestructuración Ordenada Bancaria (Ciste le haghaidh Athstruchtúrú Ordúach Bainc ('FROB')), maidir le Banco Popular a mhargú ('an cinneadh maidir le margaíocht'). D'fhormheas BRA margú láithreach Banco Popular ag FROB agus chuir sé na ceanglais a bhaineann leis an díol in iúl do FROB, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Threoir 2014/59.[10] Go háirithe, d'ordaigh BRA do FROB teagmháil a dhéanamh leis na cúig cheannaitheoir ionchasacha ar tugadh cuireadh dóibh tairiscintí a chur isteach i gcomhthéacs an phróisis díola phríobháidigh níos luaithe a bhí á bhainistiú ag Banco Popular. As na cúig cheannaitheoir ionchasacha, chinn dhá cheannaitheoir gan bheith rannpháirteach sa phróiseas margaíochta agus eisiadh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) ceann amháin díobh ar chúiseanna stuamachta.

16. An 5 Meitheamh 2017, ghlac BRA le céad luacháil ('luacháil 1'), de bhun Airteagal 20(5)(a) de Rialachán SRA, a raibh sé de chuspóir aige a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le réiteach. Is é Deloitte a rinne an luacháil sin, a d'fhostaigh BRA an 23 Bealtaine 2017 mar shaineolaí neamhspleách.

17. Maidin an 5 Meitheamh 2017, chuir Banco Popular iarratas tosaigh ar chúnamh leachtachta éigeandála ('ELA') faoi bhráid Banco de España (Banc na Spáinne), agus an dara hiarraidh san iarnóin, ina raibh síneadh ar an méid a iarradh mar gheall ar ghluaiseachtaí leachtachta fíorghéar. Bunaithe ar iarraidh ó Bhanc na Spáinne agus tar éis mheasúnú BCE an lá céanna maidir le hiarraidh Banco Popular ar ELA, ní dhearna Comhairle Rialaithe BCE aon agóid i gcoinne cúnamh leachtachta práinneach do Banco Popular don tréimhse go dtí an 8 Meitheamh 2017. Fuair Banco Popular cuid den ELA sin, áfach, ní raibh Banc na Spáinne in ann an chuid eile de ELA a chur ar fáil do Banco Popular.[11]

18. An 6 Meitheamh 2017, chinn BCE go raibh Banco Popular ag cliseadh nó gur dócha go gclisfidh ('FOLTF') air faoi Airteagal 18(4)(c) de Rialachán SRA, agus chuir sé an measúnú sin in iúl do BRA, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán SRA.[12]

[10] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190) ('Treoir 2014/59').

[11] Tá fíorais an cháis ciúin maidir le míniú ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an bhfáth nach bhféadfadh Banc na Spáinne méid iomlán den ELA a sholáthar do Banco Popular.

[12] Is féidir teacht ar leagan neamh-rúnda den mheasúnú sin ar https://www.bankingsupervision.europa.eu/ecb/pub/pdf/ssm.2017_FOLTF_ESPOP.en.pdf?ed492d2c6735d43ab422f25ed966d712.

19. An lá céanna, chuir Deloitte dara luacháil ('luacháil 2') faoi bhráid BRA, de bhun Airteagal 20(10) de Rialachán SRA. Ba é an cuspóir a bhí le luacháil 2 luach shócmhainní agus dhliteanais Banco Popular a mheas, meastóireacht a sholáthar ar an mbealach a gcaithfí le scairshealbhóirí agus creidiúnaithe dá rachadh Banco Popular i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneacha, agus faisnéis a sholáthar faoin gcinneadh atá le glacadh maidir leis na scaireanna agus na hionstraimí úinéireachta atá le haistriú. [13]

20. An 7 Meitheamh 2017, chuir FROB in iúl do BRA go bhfuair sé tairiscint cheangailteach ó Banco Santander ar an lá céanna ag 3.12 a.m., ag tairiscint scaireanna Banco Popular a cheannach le haghaidh mhéid EUR 1. Mhol FROB do BRA glacadh leis an tairiscint sin.

21. Ag a Sheisiún Feidhmiúcháin an 7 Meitheamh 2017, ghlac BRA le tairiscint Banco Santander agus ghlac sé an scéim réitigh. Úsáideadh an uirlis díolacháin gnó, [14] faoinar díluacháladh na scaireanna uile a bhí ann cheana (Gnáthchothromas Leibhéal 1), agus ionstraimí Breise Leibhéal 1 Banco Popular. Rinneadh ionstraimí Leibhéal 2 a chomhshó ina scaireanna nua, agus ansin aistríodh iad go Banco Santander ar phraghas EUR 1.

22. Cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an scéim lena fhormheas ar 5.13 a.m.. Ar 6.30 a.m., le cinneadh a cuireadh faoi bhráid BRA, d'fhormheas an Coimisiún an scéim réitigh.

23. An 14 Meitheamh 2018, sheol Deloitte luacháil na difríochta sa cóir chuig BRA, dá bhforáiltear in Airteagal 20(16) go (18) de Rialachán SRA, a rinneadh chun a chinneadh an gcaithfí ar bhealach níos fearr leis na scairshealbhóirí agus leis na creidiúnaithe dá rachadh Banco Popular i mbun gnáthimeachtaí dócmhainneachta ('luacháil 3').

24. An 17 Márta 2020, ghlac BRA Cinneadh SRB/EES/2020/52 [15] lena gcinntear nach raibh na scairshealbhóirí agus na creidiúnaithe a rinne réiteach Banco Popular difear dóibh i dteideal cúiteamh a fháil ón gCiste Réitigh Aonair ('CRA') faoi Airteagal 76(1)(e) de Rialachán SRA. [16]

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

25. Trí chaingean a taisceadh os comhair na Cúirte Ginearálta an 7 Lúnasa 2017, thionscain na hiarratasóirí ag an gcéad chéim caingean ag iarraidh an scéim réitigh agus formheas an Choimisiúin a neamhniú, ag éileamh damáistí agus ag iarraidh go ndéanfaí luacháil 2 a neamhniú agus cúiteamh a dhámhachtain.

26. An 12 Aibreán 2019, tugadh cead do Ríocht na Spáinne agus Banco Santander idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an gCoimisiún agus le BRA.

[13] Mheas an luacháil sin, *inter alia*, gurbh ionann luach eacnamaíoch Banco Popular agus EUR 1.3 billiún sa chás is fearr, lúide EUR 8.2 billiún sa chás is measa agus lúide EUR 2 bhilliún don mheastachán is fearr.

[14] De bhun Airteagal 24 de Rialachán SRA.

[15] Foilsíodh teachtaireacht maidir leis an gcinneadh sin an 20 Márta 2020 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO 2020 C 91, lch. 2), ar fáil ag: eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020XX0320(01).

[16] Rinne roinnt iar-scairshealbhóirí Banco Popular agóid i gcoinne an chinnidh sin de BRA. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don agóid sin i mbreithiúnas an 22 Samhain 2023, *Del Valle Ruíz agus páirtithe eile* v *BRA* (T-302/20, T-303/20 agus T-307/20, EU:T:2023:735). Ní dhearnadh achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin.

27. Le hordú an 12 Bealtaine 2021, d'ordaigh an Chúirt do BRA leaganacha iomlána na scéime réitigh a sholáthar, chomh maith le luacháil 2, measúnú BCE an 6 Meitheamh 2017 go raibh Banco Popular ina FOLTF, agus litir BCE an 18 Bealtaine 2017 chuig Banco Popular. Le hordú an 9 Meitheamh 2021, chinn an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na doiciméid sin a iniúchadh, nach raibh gá leo chun an cás a réiteach agus chun iad a bhaint den chomhad.

28. Dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean ina hiomláine mar bhí sí gan bhunús.

IV. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

29. Trína n-achomharc a taisceadh an 11 Lúnasa 2022, éilíonn na hachomharcóirí gur cheart don Chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– seasamh lena n-éilimh os comhair na Cúirte Ginearálta ina n-iarrtar an scéim réitigh agus formheas an Choimisiúin a neamhniú agus, dá bhrí sin, ordú a thabhairt don Choimisiún agus do BRA a gcuid infheistíochtaí in Banco Popular a aisíoc nó, de rogha air sin, ordú a thabhairt dóibh cúiteamh a íoc bunaithe ar a ndliteanas neamhchonarthach;

– ordú a thabhairt don Choimisiún agus do BRA cúiteamh a íoc leo bunaithe ar a ndliteanas neamhchonarthach;

– luacháil 2 a neamhniú agus ordú don Choimisiún agus do BRA cúiteamh a íoc leo;

– ordú a thabhairt don Choimisiún agus do BRA costais an nós imeachta ag an gcéad chéim agus costais na n-imeachtaí atá faoi achomharc a íoc;

– a ordú go gcuirfear ús cúiteach leis na suimeanna arna ndámhachtain ón 23 Bealtaine 2017 nó, mar mhalairt air sin, ón 7 Meitheamh 2017 go dtí an dáta a dtabharfar an breithiúnas, mar aon le hús mainneachtana ó dháta an bhreithiúnais, cé is moite de chostais na n-imeachtaí sin, nach bhfabhróidh ús mainneachtana ach amháin ó dháta an bhreithiúnais;

– aon chúiteamh breise eile a mheastar a bheith iomchuí a dheonú dóibh.

30. D'áitigh an Coimisiún, BRA, Ríocht na Spáinne agus Banco Santander gur cheart don Chúirt:

– an t-achomharc ina iomláine a dhíbhe;

– ordú a thabhairt do na hachomharcóirí costais an achomhairc agus iad siúd a thabhaítear ag an gcéad chéim a íoc.

31. Maíonn Banco Santander freisin, má chloíonn an Chúirt leis an achomharc agus má chinneann sí, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, breithiúnas a thabhairt í féin maidir leis an gcaingean le haghaidh neamhniú, gur cheart di an méid seo a leanas a dhéanamh:

– i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 264 CFAE, teorainn a chur le raon feidhme a breithiúnais trí bhíthin seasamh le héifeachtaí dhíol Banco Popular le Banco Santander.

V. Anailís

32. Cuireann na hachomharcóirí ceithre fhoras isteach chun tacú lena n-achomharc. Líomhnaítear leis an gcéad fhoras achomhairc go léiríonn an breithiúnas atá faoi achomharc Airteagal 18 de Rialachán SRA agus go gcuireann sé i bhfeidhm go mícheart é. Faoin dara foras achomhairc, léiríonn an breithiúnas atá faoi achomharc Airteagal 20 de Rialachán SRA agus cuireann sé i bhfeidhm go mícheart é. Lorgaíonn na hachomharcóirí ina dtríú foras achomhairc damáistí bunaithe ar neamhniú an chinnidh ar cuireadh ina aghaidh ag an gcéad chéim, bunaithe ar Airteagal 264 CFAE. Ar deireadh, líomhnaítear leis an gceathrú foras achomhairc earráidí sa bhreithiúnas atá faoi achomharc a bhaineann leis an éileamh neamhspleách ar dhliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh.

33. Mar a luadh, ba cheart mo thuairim san achomharc seo a léamh in éineacht leis an Tuairim chomhthreomhar. Dá réir sin, déantar anailís ar an gcéad fhoras den achomharc seo i bpointí 20 go 48 den Tuairim chomhthreomhar, ach déileáiltear leis an gcúigiú cuid agus an séú cuid den dara foras achomhairc [17] i bpointí 49 go 86 den Tuairim sin.

34. Baineann na forais achomhairc eile, ar dtús, le sáruithe arna líomhain ar Airteagal 20 de Rialachán SRA, a dtabharfaidh mé aghaidh air i Roinn A. Ar an dara dul síos, baineann siad le hiarratas ar dhamáistí, a ndéanfaidh mé anailís air i roinn B. Ar deireadh, agraíonn na hachomharcóirí dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh, a ndéileálfaidh mé leis i Roinn C.

35. San anailís atá le teacht, míneoidh mé an fáth gur cheart don Chúirt an t-achomharc ina iomláine a dhíbhe.

A. Airteagal 20 de Rialachán SRA

36. Sa chéad cheithre chuid dá ndara foras achomhairc, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid [18] ina léiriú agus ina cur i bhfeidhm ar Airteagal 20 de Rialachán SRA maidir le luachálacha éagsúla Banco Popular. Mar mheabhrú, bhí trí luacháil i gceist leis an nós imeachta réitigh Banco Popular. [19]

37. Mar a dhearbhaigh an Chúirt in *Aeris Invest* v *BRA*, [20] tagraítear do dhá chineál luachála in Airteagal 20 de Rialachán SRA. Rialaítear an chéad luacháil (shealadach) le hAirteagal 20(1) go (15) de Rialachán SRA. Rialaítear an dara luacháil (chinntitheach), le hAirteagal 20(16) go (18) de Rialachán SRA agus ní mór do dhuine neamhspleách é a chur i gcrích.

38. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann luachálacha 1 agus 2 i réiteach Banco Popular leis an gcéad chatagóir, agus go mbaineann luacháil 3 leis an dara catagóir. [21]

[17] Sa chás ina líomhnaíonn an t-achomharcóir san achomharc comhthreomhar gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an dualgas chun cúiseanna a lua agus sárú ar Airteagal 47 den Chairt.

[18] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 279 go 282, agus míreanna 346 go 425.

[19] Féach pointí 16, 19, 23 agus 24 thuas.

[20] Breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Aeris Invest* v *BRA* (C-874/19 P, EU:C:2021:1040, míreanna 70 go 71).

[21] Ibid., mír 72.

39. Ar an gcéad dul síos, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid a chinneadh go raibh luachálacha 1 agus 2 cothrom, stuama agus réadúil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 20(1) de Rialachán SRA.

40. Measaim go raibh an Chúirt Ghinearálta i gceart le haird a dhíriú [22] go raibh luachálacha 1 agus 2 sealadach agus, dá bhrí sin, nach mór faisnéis éiginnte nó neasach a bheith iontu.

41. Go deimhin, rinne an Chúirt Ghinearálta measúnú mionsonraithe ar luacháil 2 i ndáil le gach catagóir sócmhainní, agus aird á tabhairt ar phráinn an cháis mar chomhthéacs faoina ndearna Deloitte an luacháil. [23]

42. Ar deireadh, agus mar is ceart, i mo thuairim, rinne an Chúirt Ghinearálta tagairt do na cuspóirí éagsúla a sheirbheáil luachálacha 1 agus 2, do na pointí éagsúla ama inar tarraingíodh suas iad (agus don difríocht san fhaisnéis atá ar fáil), agus dá bhrí sin tháinig sí ar an gconclúid i gceart nach raibh siad ag teacht salach ar a chéile. [24]

43. Dá bhrí sin, measaim go ndearna an Chúirt Ghinearálta Airteagal 20(1) de Rialachán SRA a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gceart.

44. Ar an dara dul síos, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid [25] nuair a chinn sí nár sáraíodh luachálacha 1 agus 2 ceanglais Airteagal 20(5) de Rialachán SRA. [26]

45. Maidir leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 20(5)(a) de Rialachán SRA, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna BRA, i luacháil 1, anailís ar an gcuspóir sin, agus cinneadh á dhéanamh ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le réiteach faoi Airteagal 18(1)(a) den Rialachán sin. [27] Níl aon rud in argóintí na n-achomharcóirí a chuireann in amhras fóntacht anailís na Cúirte Ginearálta.

46. Rinne an Chúirt Ghinearálta anailís cheart freisin ar chomhlíonadh luacháil 2 leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 20(5)(b), (f) agus (g) de Rialachán SRA, ós rud é go ndearna Deloitte tagairt do na cuspóirí céanna go bunúsach, agus Airteagal 36(4)(b), (f) agus (g) de Threoir 2014/59 á lua. [28]

[22] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 294, 347 agus 357.

[23] Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór 'méid bheachtas an ráitis maidir leis na cúiseanna atá le cinneadh a mheas i bhfianaise réaltachtaí praiticiúla agus an t-am agus na saoráidí teicniúla atá ar fáil chun an cinneadh a dhéanamh'. Breithiúnas an 6 Samhain 2012, *Éditions Odile Jacob* v *an Coimisiún* (C-551/10 P, EU:C:2012:681, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[24] Féach freisin an anailís sa Tuairim chomhthreomhar maidir le luachálacha agus an dualgas chun cúiseanna a lua, pointí 54 go 70.

[25] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 286 go 304.

[26] Is iad seo a leanas Cuspóirí na luachála de réir Airteagal 20(5) de Rialachán SRA: '(a) go mbeadh sí mar fhaisnéis don chinneadh an bhfuil na coinníollacha maidir le réiteach nó na coinníollacha maidir le díluacháil nó comhshó na n-ionstraimí caipitil comhlíonta; (b) má bhíonn na coinníollacha maidir le réiteach comhlíonta, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoin ngníomhaíocht réitigh iomchuí atá le déanamh i ndáil le heintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2; (c) nuair a chuirfear an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó i bhfeidhm, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi mhéid an chealaithe nó an chaolaithe i dtaca le hionstraimí úinéireachta, agus faoi mhéid na díluachála nó an chomhshó i dtaca le hionstraimí caipitil ábhartha;... (f) nuair a chuirfear an uirlis díolacháin gnó i bhfeidhm, go mbeadh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi na sócmhainní, faoi na cearta, na dliteanais nó na hionstraimí úinéireachta atá le haistriú agus go mbeadh sí mar fhaisnéis do thuiscint an Bhoird ar céard is téarmaí tráchtála ann chun críocha Airteagal 24(2)(b); (g) i ngach cás, a áirithiú go n-aithneofar go hiomlán aon chaillteanais ar shócmhainní eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 an tráth a chuirfear na huirlisí réitigh i bhfeidhm nó an tráth a fheidhmeofar an chumhacht chun ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó.'

[27] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 292 agus 293.

[28] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 300 agus 301.

47. Tá na hachomharcóirí ceart agus iad á rá gur luaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i mír 298 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár cuireadh aon argóint shonrach chun cinn maidir leis an gcuspóir dá bhforáiltear in Airteagal 20(5)(c) de Rialachán SRA. [29]

48. Bíodh sin mar atá, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 20(10) de Rialachán SRA, ar dá réir a chomhlíonfaidh an luacháil shealadach 'na ceanglais a leagtar síos i mír 4 agus, a mhéid is indéanta go réasúnach sna himthosca, na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1, 7 agus 9'. Ní luaitear Airteagal 20(5) san fhoráil sin. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta, mar is ceart, go bhfuil ábharthacht ag baint le hAirteagal 20(11) de Rialachán SRA, toisc go luaitear leis nár cheart luacháil a mheas mar sealadach nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 20(5), mar a measadh luachálacha 1 agus 2.

49. Dá bhrí sin, measaim nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid lena léiriú ar Airteagal 20(5) de Rialachán SRA.

50. Ar an tríú dul síos, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid a chinneadh nár sáraíodh ceanglais Airteagal 20(7) agus (9) de Rialachán SRA le luacháil 2.

51. Chinn an Chúirt Ghinearálta go bhforáiltear le hAirteagal 20(10) de Rialachán SRA, a bhaineann le luachálacha sealadacha, go gcomhlíonfar míreanna 1, 7 agus 9 d'Airteagal 20 'a mhéid is indéanta go réasúnach' sna himthosca. [30]

52. Dá bhrí sin, áirítear le 'a mhéid is indéanta go réasúnach', i mo thuairim, an luacháil a rinneadh ar bhonn comhdhlúite, seachas maidir le gach eintiteas i ngrúpa Banco Popular, nach ceanglas faoi Airteagal 20(7) de Rialachán SRA é, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta mar is ceart. [31]

53. Ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid ach oiread agus í á chinneadh go raibh luacháil 2 i gcomhréir le hAirteagal 20(9) de Rialachán SRA gan foroinnt na gcreidiúnaithe in aicmí a chur san áireamh, ós rud é nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil go dtí luacháil 3. [32]

54. Ar an gceathrú dul síos, áitíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus Airteagal 20(10) agus (11) de Rialachán SRA á léiriú agus á chur i bhfeidhm aici i ndáil le luacháil 2. Áitíonn siad go bhfuil an scéim réitigh neamhbhailí toisc nach ndearnadh luacháil chinntitheach *ex post* ar luacháil 2 (atá sealadach faoi Airteagal 20(10) de Rialachán SRA) ina dhiaidh (contrártha leis an dara habairt d'Airteagal 20(11) de Rialachán SRA) agus mar bunaíodh an scéim réitigh ar luacháil shealadach amhail sin.

55. Dheimhnigh BRA, agus é ag freagairt ceisteanna i scríbhinn ón gCúirt Ghinearálta, nach ndéanfaidh sé luacháil chinntitheach *ex post*, toisc nach mbeadh aon chuspóir praiticiúil aige faoi Airteagal 20(11) de Rialachán SRA. [33]

[29] Tagraíonn siad do phointí 61 go 66 dá bhfreagra ag an gcéad chéim, áit a dtugtar aghaidh ar an gcuspóir sin go deimhin.

[30] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 414.

[31] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 415.

[32] An breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 421 agus 422.

[33] Luaigh BRA freisin nach mbeadh feidhm chúiteach ag luacháil *ex post* den sórt sin faoi Airteagal 20(12) de Rialachán SRA infheidhme ar an ngníomhaíocht réitigh seo. Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil feidhm ag Airteagal 20(12) de Rialachán SRA i leith an uirlis díolta gnó i mbreithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Aeris Invest* v *BRA* (C-874/19 P, EU:C:2021:1040, míreanna 80 go 82).

56. Bhraith an Chúirt Ghinearálta ar Airteagal 20(13) de Rialachán SRA, ina luaitear 'maidir le luacháil shealadach arna seoladh i gcomhréir le míreanna 10 agus 11, beidh sí ina bunús bailí don Bhord chun cinneadh ar bhearta réitigh', agus é á chinneadh nach ndéanann easpa luacháil *ex post* difear do dhlíthiúlacht na scéime réitigh.[34] Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin nach féidir le luacháil a dhéanfaí *tar éis* ghlacadh na scéime réitigh agus *tar éis* don Choimisiún í a fhormheas difear dá ndlíthiúlacht nó dá bhformheas.[35]

57. Agus cinntí na Cúirte Breithiúnais in *Aeris Invest* v *BRA*[36] á gcur san áireamh, táim den tuairim gur léirmhínigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 20(10) agus (11) de Rialachán SRA agus gur chuir sí iad i bhfeidhm i gceart.

58. Mar fhocal scoir, molaim go ndiúltódh an Chúirt don chéad cheithre chuid den dara foras achomhairc toisc iad a bheith gan bhunús.

B. Éileamh ar dhamáistí

59. Sa tríú foras achomhairc, ní luann na hachomharcóirí ach, i mír amháin, go gcoimeádann siad a n-argóintí i leith an iarratais ar dhamáistí.

60. Cé go léiríonn siad na míreanna ábhartha den bhreithiúnas comhthreomhar atá faoi achomharc, ní dhéanann na hachomharcóirí ach tagairt ghinearálta dá n-iarratas ar dhamáistí agus d'Airteagal 264 CFAE, gan an botún a líomhnaítear a rinne an Chúirt Ghinearálta a shonrú.[37]

61. De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, leanann sé ón dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE, an chéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus Airteagal 168(1)(d) agus Airteagal 169(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais nach mór a léiriú go beacht in achomharc na gnéithe den bhreithiúnas a bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh iad a chur i leataobh agus na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn go sonrach chun tacú leis an achomharc sin.[38]

62. Molaim, dá bhrí sin, go gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an foras achomhairc sin do-ghlactha go follasach.

C. Dliteanas neamhchonarthach an Aontais

63. Sa cheathrú foras achomhairc, ardaíonn na hachomharcóirí dhá argóint. Ar an gcéad dul síos, áitíonn siad gur theip ar an gCúirt Ghinearálta sárú a bhunú, ó thaobh BRA de, ar an oibleagáid rúndachta faoi Airteagal 88 de Rialachán SRA agus faoi Airteagal 339 CFAE. Déanann an sárú tagairt don agallamh a thug Cathaoirleach BRA, Elke König, do Bloomberg an 23 Bealtaine 2017

[34] An breithiúnas atá faoi achomharc, mír 280.

[35] Agus tagairt á déanamh do bhreithiúnas an 3 Meán Fómhair 2015, *Inuit Tapiriit Kanatami agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-398/13 P, EU:C:2015:535, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear) sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 281 agus 282.

[36] Breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Aeris Invest* v *BRA* (C-874/19 P, EU:C:2021:1040).

[37] Meastar go bhfuil sé sin do-ghlactha, tar éis bhreithiúnas an 28 Aibreán 2022 ón gCúirt Bhreithiúnais, *Changmao Biochemical Engineering* v *an Coimisiún* (C-666/19 P, EU:C:2022:323, míreanna 187 go 189). Ina theannta sin, 'ní chomhlíontar an ceanglas sin le hachomharc nach bhfuil aon argóint ann atá dírithe ar earráid dlí lena líomhnaítear go bhfuil an breithiúnas nó an t-ordú i dtrácht curtha ó bhail'. Breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2021, *NRW. Bank* v *BRA* (C-662/19 P, EU:C:2021:846, mír 36).

[38] Breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2020, *BCE* v *Estate of Espírito Santo Financial Group* (C-396/19 P, EU:C:2020:845, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

agus don sceitheadh eolais arna líomhain a d'fhoilsigh soláthraithe preasa éagsúla. [39] Áitíonn siad freisin gur sháraigh BRA agus an Coimisiún a ndualgas rúndachta trí bheith éighníomhach agus gan imscrúdú inmheánach a dhéanamh maidir leis an sceitheadh eolais líomhnaithe a foilsíodh in alt ag Reuters.

64. Ar an dara dul síos, áitíonn siad gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta a hagóid i gcoinne luacháil 2 agus an t-éileamh a d'eascair as sin ar chúiteamh a bheith do-nghlactha a chinneadh.

65. Maidir leis an gcéad argóint, áitíonn na hachomharcóirí go raibh an fhaisnéis rúnda ann féin go raibh Banco Popular faoi mhaoirseacht, contrártha leis an méid a luaigh an Chúirt Ghinearálta i mír 613 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

66. Leagtar amach in Aithris 116 de Rialachán SRA an fhaisnéis a d'fhéadfaí a mheas mar fhaisnéis rúnda: ábhar agus mionsonraí na bpleananna réitigh agus toradh aon mheasúnaithe ar na pleananna sin, agus aon fhaisnéis arna soláthar i ndáil le cinneadh sula ndéantar é, amhail an gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh réitigh, maidir le huirlis réitigh ar leith a úsáid, nó maidir le haon ghníomhaíocht le linn na n-imeachtaí.

67. Scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an fhaisnéis a chomhroinn Cathaoirleach BRA san agallamh. Go sonrach, dúirt sí an méid seo a leanas: 'Bhuel, nílim riamh ag caint faoi bhainc aonair. Tá níos mó banc ná banc amháin ar ár scáileán radair agus, ar ndóigh, is cás é Banco Popular a bhfuilimid ag déanamh monatóireachta air ach ní hé an t-aon cheann amháin a bhfuilimid ag déanamh monatóireachta air.' [40]

68. Chinn an Chúirt Ghinearálta gur de chineál ginearálta iad na ráitis sin agus 'nach raibh an fhaisnéis go raibh "monatóireacht" á déanamh ar Banco Popular, mar institiúid creidmheasa a chumhdaítear leis an sásra aonair maoirseachta, 'faoi rún'. [41] Dúirt an Chúirt Ghinearálta freisin gur faisnéis phoiblí a bhí ann cheana féin go ndearna BCE iniúchadh ar Banco Popular. [42]

69. Measaim go raibh an ceart ag an gCúirt Ghinearálta ráitis Chathaoirleach BRA a mheas mar ráitis a bhí sách leathan ionas nach nochtadh leo an fhaisnéis go raibh Banco Popular i mbun a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha réitigh, faisnéis a bheadh faoi rún faoi aithris 116 de Rialachán SRA.

70. Maidir le halt Reuters, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 619 go 643 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár suíodh go ndearna fostaí de chuid BRA an sceitheadh eolais, agus nach gcruthaítear freagracht BRA lena easpa gnímh maidir leis an bhfaisnéis a sceitheadh a shéanadh.

71. Ina theannta sin, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, agus an ceart aici, i mír 623 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur 'theip ar na hiarratasóirí ag an gcéad chéim a shonrú cén fhaisnéis [a bhí] faoi rún atá san alt sin, nó a mhéid a bheadh a nochtadh ina shárú ar cheanglais rúndacht ghairmiúil BRA nó an Choimisiúin.'

[39] Theorannaigh an Chúirt Ghinearálta a hanailís don agallamh le Bloomberg agus don alt a d'fhoilsigh Reuters, ós rud é nár shonraigh na hiarratasóirí ag an gcéad chéim sceitheadh eolais eile ag BRA a líomhnaítear. Breithiúnas atá faoi achomharc, mír 610.

[40] Breithiúnas atá faoi achomharc, mír 612.

[41] Ibid, mír 613.

[42] Ibid, mír 614.

72. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 625 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur eisigh BRA preaseisiúint, a bhí ag teacht salach ar an léirmhíniú leathan a thug alt Reuters don agallamh a rinne Cathaoirleach BRA.

73. Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta tagairt, i míreanna 628 go 632 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhaisnéis eile a bhí ar fáil sa réimse poiblí, lenar cuireadh in iúl nár nocht Reuters aon fhaisnéis rúnda.

74. Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 637 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár chruthaigh na hiarratasóirí ag an gcéad chéim an líomhain gur sceith oifigeach de chuid BRA ná oifigeach de chuid an Choimisiúin an fhaisnéis le Reuters, toisc nár thug siad aon fhianaise ar aird chuige sin.

75. Áitíonn na hachomharcóirí freisin go ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú mícheart ar roinnt fíoras, ach fós féin, gan argóint a dhéanamh gur saobhadh iad. Baineann sé seo le comparáid idir fíorais a bunaíodh san agallamh le Bloomberg leo siúd san alt Reuters, chomh maith leis an sceitheadh eolais le húdaráis riaracháin na Spáinne a líomhnaítear.

76. Measaim go bhfuil na hargóintí sin do-ghlactha, ós rud é nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais na fíorais a bhunú ná fianaise a scrúdú, ach amháin i gcás ina n-áiteodh na hachomharcóirí gur shaobh an Chúirt Ghinearálta na fíorais agus gur léir saobhadh den sórt sin ó na doiciméid atá i gcomhad na Cúirte. [43]

77. Ina theannta sin, ní mór don pháirtí a líomhnaíonn saobhadh a léiriú go beacht an fhianaise a líomhnaítear a bheith saofa ag an gCúirt Ghinearálta agus na hearráidí breithmheasa a léiriú, dar leis an bpáirtí sin, a raibh saobhadh den sórt sin mar thoradh air. [44]

78. Teorannaíonn na hachomharcóirí iad féin leis na fíorais a mheas an Chúirt Ghinearálta cheana féin a thréithriú, gan a léiriú gur shaobh an chúirt sin an fhianaise.

79. Ar an gcaoi sin, measaim gur bhunaigh an Chúirt Ghinearálta, mar is ceart, nár sháraigh BRA ná an Coimisiún a n-oibleagáid rúndachta faoi Airteagal 88 de Rialachán SRA agus faoi Airteagal 339 CFAE.

80. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt a mhalairt, ní mór aghaidh a thabhairt ar an nasc cúisíoch líomhnaithe idir an sárú sin agus an damáiste a rinneadh do na hachomharcóirí.

81. Maíonn na hachomharcóirí go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart lena cinneadh, i míreanna 653 go 674 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh aon nasc cúisíoch idir an sárú rúndachta agus Banco Popular a cuireadh faoi réiteach.

82. Measaim go gcuireann an Chúirt Ghinearálta in iúl, mar is ceart, go raibh fadhbanna leachtachta Banco Popular dian sular tharla an t-agallamh an 23 Bealtaine 2017 agus gur fachtóirí iomadúla ba chúis le géarchéim leachtachta Banco Popular a d'eascair as drochthorthaí an bhainc a fógraíodh i mí Feabhra agus i mí Aibreáin 2017.

[43] Breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2010, *an Coimisiún* v *Deutsche Post* (C-399/08 P, EU:C:2010:481, mír 63); breithiúnas an 29 Deireadh Fómhair 2015, *an Coimisiún* v *ANKO* (C-78/14 P, EU:C:2015:732, mír 54).

[44] Breithiúnas an 10 Samhain 2022, *an Coimisiún* v *Valencia Club de Fútbol* (C-211/20 P, EU:C:2022:862, mír 55).

83. Agus tagairt á déanamh don chásdlí maidir leis an nasc cúisíoch, measaim go raibh sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh nár chruthaigh na hiarratasóirí ag an gcéad chéim nasc sách díreach idir an damáiste agus an t-iompar a ndearnadh gearán ina leith, rud nach mór a bheith ina chúis chinntitheach leis an damáiste. [45]

84. Ar an gcaoi sin, measaim gur cheart an chéad chuid den cheathrú foras achomhairc a dhiúltú.

85. I ndáil leis an dara hargóint, rinne an Chúirt Ghinearálta tagairt d'Airteagal 20(15) de Rialachán SRA [46] agus tháinig sí ar an gconclúid nach féidir agóid i gcoinne luacháil 2 a bheith faoi réir achomharc ar leith. [47]

86. Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin nach raibh a n-éileamh ar chúiteamh inghlactha, toisc nach bhforáiltear i Rialachán SRA don fhéidearthacht cúiteamh a lorg, ná níor shonraigh na hiarratasóirí ag an gcéad chéim méid cruinn an damáiste a rinneadh ná méid beacht an chúitimh a bhí á lorg. Thacaigh an Chúirt Ghinearálta leis an gcinneadh sin trína chur in iúl gur theip ar na hiarratasóirí ag an gcéad chéim struchtúrú a dhéanamh ar a n-éileamh i ndáil leis na coinníollacha chun dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh a bhunú faoi Airteagal 340 CFAE. [48]

87. Ar an gcaoi sin, molaim go seasfaidh an Chúirt le cinntí na Cúirte Ginearálta i ndáil leis an dara cuid den cheathrú foras achomhairc.

VI. Conclúid

88. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go ndéanfadh an Chúirt an méid seo a leanas:

– an t-achomharc a dhíbhe;

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

[45] Breithiúnas atá faoi achomharc, mír 655, lena ndéantar tagairt do bhreithiúnas an 11 Iúil 2019, *BP* v *FRA* (T-838/16, EU:T:2019:494, mír 217 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[46] 'Beidh an luacháil ina cuid dhílis den chinneadh faoi uirlis réitigh a chur i bhfeidhm nó faoi chumhacht réitigh a fheidhmiú nó den chinneadh faoi chumhacht díluachála nó comhshó ionstraimí caipitil a fheidhmiú. Ní bheidh an luacháil féin faoi réir athbhreithniú breithiúnach ar leith ach féadfaidh sí a bheith faoi réir achomhairc in éineacht leis an gcinneadh ó [BRA]'.

[47] Breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 680 go 682.

[48] Breithiúnas atá faoi achomharc, míreanna 685, 689 agus 697.